Scéim Oifig na nOibreacha Poiblí 2007 - 2010

de réir

Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003

OPW
The Office of Public Works
Oifig na nOibreacha Poibli

Clár

Caibidil 1 Réamhrá agus Cúlra 2
Réamhrá
Glao ar aighneachtaí
Ullmhú na Scéime Teanga
Ábhar na Scéime Teanga
Dáta Tosaigh na Scéime

Caibidil 2 Forléargas ar Oifig na nOibreacha Poiblí 3
Misean
Creat Dlíthiúil Oifig na nOibreacha Poiblí
Struchtúr Bainistíochta
Struchtúr Soláthair

Caibidil 3 Seirbhísí atá ar fáil i nGaeilge cheana féin 5
Réamhrá
Doiciméid/seirbhísí atá ar fáil i nGaeilge
Doiciméid/seirbhísí nach bhfuil ar fáil i nGaeilge

Caibidil 4 Breisiú Seirbhísí atá le cur ar fáil sa dá theanga 8
Réamhrá
Próifíl Oifig na nOibreacha Poiblí mar atá
Na dúshláin a bhaineann le seirbhísí a chur ar fáil sa dá theanga
Oiliúint i nGaeilge – an seasamh mar atá

Caibidil 5 Tiomantais Oifig na nOibreacha Poiblí faoin Scéim seo 11
Struchtúir Inmheánacha
Measúnú ar an éileamh leanúnach i gcomhair seirbhísí sa dá theanga
Cur leis na seirbhísí a bheidh le fáil sa dá theanga i réimsí roghnaithe
Acmhainní teanga agus aistriúcháin
Suíomh Gréasáin
Foilseacháin i réimse na Seirbhísí Oidhreachta
Bearta oiliúna chun inniúlacht i nGaeilge a neartú

Caibidil 6 Monatóireacht agus Athbhreithniú 16
Monatóireacht
Athbhreithniú

Caibidil 7 An Scéim Chomhaontaithe a Fhoilsiú 17

Aguisíní 18

Caibidil 1
Réamhrá agus Cúlra

Réamhrá

D'ullmhaigh Oifig na nOibreacha Poiblí an scéim seo de réir alt 11 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 (an tAcht).

Forálann Alt 11 do scéim reachtúil a bheith á hullmhú ag comhlachtaí poiblí ina ndéanfaí cur síos ar na seirbhísí a sholáthróidh siad

- trí mheán na Gaeilge
- trí mheán an Bhéarla, agus
- trí mheán na Gaeilge agus an Bhéarla

agus ar na bearta a bheartaíonn na comhlachtaí a ghlacadh chun a chinntiú go ndéanfar seirbhís ar bith nach soláthraíonn an comhlacht trí mheán na Gaeilge a sholáthar amhlaidh in am is i dtráth.

Glao ar aighneachtaí

Chuir Oifig na nOibreacha Poiblí fógra sna nuachtáin náisiúnta ar an 22 Bealtaine 2006 faoi Alt 13 den Acht, ag tabhairt cuireadh do pháirtithe leasmhara ar bith aighneachtaí a chur isteach i ndáil le hullmhú dréacht-scéime faoi Alt 11 den Acht.

Tháinig 10 n-aighneacht isteach ó dhaoine aonair agus ó eagraíochtaí agus liostáiltear iadsan in Aguisín 1.

Ullmhú na Scéime Teanga

Rinne líonra Seirbhíse Ardchaighdeáin do Chustaiméirí Oifig na nOibreacha Poiblí, ar foghrúpa den Choiste Comhpháirtíochta é agus a bhfuil oifigeach ó Rannóg Seirbhísí Corparáideacha Oifig na nOibreacha Poiblí mar chathaoirleach air agus a bhfuil ionadaithe ó gach Aonad Gnó san Oifig air, maoirseacht ar ullmhú na dréacht-scéime. Tugtar breac-chuntas ar bhallraíocht an Ghrúpa Oibre in Aguisín 2.

Beidh an grúpa seo freagrach as monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht na Scéime agus cuirfidh sé tuairiscí faoi bhráid an Choiste Chomhpháirtíochta agus an Choiste Chomhairligh Bainistíochta i ndáil leis an réimse seo.

Ábhar na Scéime Teanga

Cuirfear tús leis an scéim trí na seirbhísí a chuirtear ar fáil in Oifig na nOibreacha Poiblí go dátheangach san am i láthair a aithint agus é a bheith de rún cur leis na seirbhísí sin agus iad a fhorbairt sa todhchaí.

Tugtar tiomantas sa scéim seo chomh maith measúnú a dhéanamh ar bhonn leanúnach, agus trí bhíthin suirbhéanna ar Chustaiméirí agus trí mheicníochtaí eile, ar an éileamh a bheidh ar sheirbhísí sa dá theanga agus a chinntiú go ndéanfaidh Oifig na nOibreacha Poiblí freastal ar an éileamh seo ar bhealach pleanáilte, comhleanúnach agus inrochtana.

Dáta Tosaigh na Scéime

Cuirfear tús leis an scéim seo le héifeacht ón 8 Bealtaine 2007 agus beidh feidhm léi ar feadh tréimhse trí bliana ón dáta sin nó go dtí go ndeimhnítear scéim nua, cibé cé acu ceann is túisce.

Caibidil 2
Forléargas ar Oifig na nOibreacha Poiblí

Misean
Is é seo a leanas misean Oifig na nOibreacha Poiblí:

Seirbhísí ardchaighdeáin a chur ar fáil do chustaiméirí maidir le maoine, bainistíocht riosca tuilte, soláthar ginearálta agus oidhreacht, mar thaca do bheartais an Rialtais, ar an mbealach is inbhuanaithe, is éifeachtaí agus is eacnamaíche.

Is eagraíocht seirbhísí i dtosach báire í Oifig na nOibreacha Poiblí. Is é an t-éiteas atá againn a bheith dírithe ar an gcliant, seirbhísí a sholáthar go tráthúil agus luach ar airgead a fháil. An Rialtas agus Ranna, Oifigí agus Gníomhaireachtaí eile na custaiméirí díreacha atá againn. Chomh maith leis sin freastalaímid ar an bpobal go hindíreach ós rud é gurb iadsan na daoine a bhaineann tairbhe as na seirbhísí a chuirtear ar fáil sna saoráidí a sholáthraímid.

Is iad seo a leanas ár bpríomhsheirbhísí: cothabháil maoine, bainistíocht maoine, seirbhísí ailtireachta agus innealtóireachta, seirbhísí oidhreachta, bainistíocht tionscadal agus seirbhísí soláthair.

Creat Dlíthiúil Oifig na nOibreacha Poiblí
Is é seo a leanas an creat dlíthiúil ina bhfeidhmíonn Oifig na nOibreacha Poiblí agus a bhíonn mar threoir ag na gníomhaíochtaí a bhíonn ar siúl againn:

- *Public Works Act, 1831*
- An tAcht um Choimisinéirí na nOibreacha Poiblí (Feidhmeanna agus Cumhachtaí), 1996
- An tAcht um Údaráis Stáit (Forbairt agus Bainisteoireacht), 1993
- Na hAchtanna Siltin Airtéirigh, 1945 – 1995
- An tAcht Maoine Stáit, 1954
- Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta, 1954 – 1999

Struchtúr Bainistíochta
Eagraítear struchtúr bainistíochta sinsearaí Oifig na nOibreacha Poiblí thart timpeall ar aonáin cheangailteacha an Bhoird agus an Choiste Chomhairligh Bainistíochta. Tuairiscíonn an grúpa, trí lámha an Chathaoirligh, chuig an Aire Stáit atá sa Roinn Airgeadais ar a bhfuil freagrachtaí speisialta as Oifig na nOibreacha Poiblí agus, trí lámha an Aire Airgeadais, chuig an Rialtas.

Tá Cathaoirleach agus beirt Choimisinéir ar an mBord agus is é an t-aonán dlíthiúil é dá dtagraítear i reachtaíocht agus i rialacháin iomchuí a bhaineann le Coimisinéirí na nOibreacha Poiblí. Is as an mBord agus Stiúrthóirí na Seirbhísí Ailtireachta (An Príomh-Ailtire), na Seirbhísí Innealtóireachta (An Príomh-Innealtóir) agus na Seirbhísí Corparáideacha atá an Coiste Comhairleach Bainistíochta comhdhéanta. Is é an Coiste

Comhairleach Bainistíochta an grúpa Bainistíochta Sinsearaí a chuireann comhairle ar an Aire Stáit maidir le beartas agus a stiúrann gnáthghníomhaíochtaí agus gnáthfheidhmeanna na hOifige. Cuireann sé comhairle ar an mBord chomh maith agus tacaíonn sé leis chun na feidhmeanna atá mar oibleagáidí dlíthiúla air, a fheidhmiú.

Struchtúr Soláthair
Cuireann ocht nAonad Gnó, atá faoi stiúir chomhalta den Choiste Comhairleach Bainistíochta, oibríochtaí Oifig na nOibreacha Poiblí i gcrích. Is iad sin:

- Seirbhísí Bainistíochta Tionscadal.
- Seirbhísí Bainistíochta Maoine.
- Seirbhísí Cothabhála Maoine.
- Seirbhísí Ailtireachta.
- Seirbhísí Innealtóireachta.
- Gníomhaireacht Soláthair an Rialtais.
- Seirbhísí Oidhreachta.
- Aonad Bainistíochta Saoráidí.

Tugann Rannóg na Seirbhísí Corparáideacha atá faoi bhainistíocht Stiúrthóir na Seirbhísí Corparáideacha agus a chuireann gnéithe roinnte cosúil le seirbhísí Bainistíochta na nAcmhainní Daonna, seirbhísí Airgeadais, seirbhísí Theicneolaíocht na Faisnéise agus na tacaí eile a bhíonn riachtanach i gcomhair oibríocht laethúil na bpríomhghníomhaíochtaí, tacaíocht lárnach do na hAonaid Ghnó.

Is iad seo a leanas na ceithre phríomhphointe fócais atá faoi ghníomhaíocht Oifig na nOibreacha Poiblí faoi láthair:

- **Seirbhís maoine agus seirbhísí a bhaineann le foirgníocht;**
  Soláthraíonn Oifig na nOibreacha Poiblí bainistíocht agus cothabháil maoine, seirbhísí ailtireachta agus innealtóireachta, bainistíocht tionscadal agus bainistíocht saoráidí do Ranna agus do Ghníomhaireachtaí lárnacha Rialtais. Is í seo an phríomhobair a bhíonn idir lámha againn.

- **Bainistíocht riosca tuilte;**
  Is í Oifig na nOibreacha Poiblí an phríomhghníomhaireacht in Éirinn ó thaobh bainistíocht a dhéanamh ar bhearta riosca tuilte de.

- **Seirbhísí Soláthair;**
  Soláthraíonn Oifig na nOibreacha Poiblí raon leathan táirgí agus seirbhísí cosúil le páipéarachas, feithiclí, cultacha agus troscán ar son an Stáit.

- **Seirbhísí Oidhreachta;**
  Tá Oifig na nOibreacha Poiblí freagrach as bainistíocht oibriúcháin ar lear mór de phríomhláithreacha oidhreachta agus d'fhoirgnimh ar fud na tíre. Is cuid lárnach den ról atá againn saoráidí rochtana agus saoráidí do chuairteoirí a chur ar fáil don phobal ag na láithreacha sin.

Caibidil 3
Seirbhísí atá ar fáil i nGaeilge cheana féin

Réamhrá
Tá Oifig na nOibreacha Poiblí tiomanta faoina Plean Gníomhaíochta Seirbhísí Custaiméirí agus faoina Cairt do Chustaiméirí gach iarracht a dhéanamh chun freastal ar chustaiméirí ar mian leo a ngnó a dhéanamh trí mheán na Gaeilge.

Is é príomhról Oifig na nOibreacha Poiblí mar atá luaite i gCaibidil 2, réiteach a fháil ar sholáthar maoine agus ar réimsí a bhaineann le soláthar maoine don Rialtas agus do chustaiméirí Oifig na nOibreacha Poiblí sa Státseirbhís agus sa tSeirbhís Phoiblí, gnéithe den bhainistíocht Riosca Tuilte, soláthar ginearálta agus bainistíocht dhíreach oibriúcháin ar phríomhláithreacha áirithe stairiúla a bhfuil tábhacht náisiúnta agus idirnáisiúnta ag baint leo. Is trí mheán an Bhéarla go príomha a chuireann Oifig na nOibreacha Poiblí seirbhísí ar fáil do na custaiméirí sin.

Ní chuireann Oifig na nOibreacha Poiblí den chuid is mó, ó tharla a bhfuil i gceist leis na feidhmeanna sin, seirbhísí ar fáil go díreach do dhaoine aonair sa phobal i gcoitinne. (Mar shampla, ní úsáideann an Oifig, de ghnáth, líon mór foirmeacha iarratais chun go mbeidís ar fáil do chustaiméirí chun úsáid a bhaint as a cuid seirbhísí, ar an mbealach céanna is a dhéanfadh Ranna eile.) Bíonn leibhéal suntasach teagmhála, áfach, ag an oifig le daoine as an bpobal i gcoitinne de bharr go gcuireann sí seirbhísí ar fáil dá custaiméirí sa Státseirbhís agus sa tSeirbhís Phoiblí. Déantar an teagmháil sin trí idirghníomhaíochtaí cosúil le plé a bheith aici le lucht feirmeoireachta, le páirtithe leasmhara as an tionscal iascaireachta agus le comhlachtaí turasóireachta, le páirtithe leasmhara tráchtála agus trádála sa soláthar foirgníochta agus sa soláthar ginearálta, le daoine gairmiúla cosúil le hAiltirí agus le hInnealtóirí chomh maith le plé a bheith aici le húinéirí talún a mbíonn a gcuid talún ag síneadh le talamh Oifig na nOibreacha Poiblí, plé i ndáil le saincheisteanna faoi Chead Pleanála agus araile.

Thairis sin uile, soláthraíonn Oifig na nOibreacha Poiblí raon seirbhísí do chustaiméirí tríd an bhfreagracht atá uirthi as na Seirbhísí Oidhreachta agus trí pháirteanna den Aonad Bainistíochta Saoráidí a dhéileálann le raon leathan de láithreacha stairiúla agus ársa agus de shéadchomharthaí náisiúnta ar fud na tíre. Maidir leis an obair seo, nach ionann í agus an chuid is mó dá príomhghníomhaíocht, bíonn caidreamh díreach ag Oifig na nOibreacha Poiblí le custaiméirí ón bpobal i gcoitinne trí na feidhmeanna bainistíochta agus oibriúcháin a bhíonn uirthi ag na láithreacha seo. Bíonn leibhéal ard teagmhála aici chomh maith, tríd an mbainistíocht a dhéanann sí ar na láithreacha seo, le daoine aonair agus le comhlachtaí a mbíonn spéis acu saol stairiúil an náisiúin a chur chun cinn agus gnéithe tábhachtacha den chultúr stairiúil a bheith i seilbh na gcaomhnóirí cuí agus a bhfuil sainchúram orthu ina dtaobh sin.

Doiciméid/seirbhísí atá ar fáil i nGaeilge cheana féin

1. Tá líon áirithe doiciméad foilsithe i nGaeilge agus i mBéarla cheana féin:
   - *Ráiteas Straitéise Oifig na nOibreacha Poiblí, 2005 – 2008;*
   - *Tuarascáil Bhliantúil Oifig na nOibreacha Poiblí.*

2. Foilsíodh roinnt doiciméad corpraithe sa dá theanga chomh maith:
   - *Cairt do Chustaiméirí Oifig na nOibreacha Poiblí agus Plean Gníomhaíochta Seirbhísí Custaiméirí, 2005 – 2008;*
   - *Athbhreithniú ar an mBeartas Tuilte, 2003.*

3. Cuireann Seirbhísí Oidhreachta Oifig na nOibreacha Poiblí líon áirithe d'fhoilseacháin astu féin ar fáil i raon teangacha, lena n-áirítear an Ghaeilge. Is treoracha ar láithreacha agus bileoga eolais a bhíonn ar fáil go forleathan ag oifigí áitiúla turasóireachta agus ag na láithreacha féin is ea iad seo. Tá foilseacháin faoi chlúdach ar leith ar fáil i nGaeilge ag na láithreacha seo a leanas:
   - Daingean Rinn Chorráin, Co. Chorcaí.
   - Cluain Mhic Nóis, Co. Uíbh Fhailí.
   - Caisleán Iarla Dheasumhan, Co. Chorcaí.
   - Gleann Dá Loch, Co. Chill Mhantáin
   - Cnobha, Co. na Mí.
   - An Mhainistir Mhór, Co. Lú.
   - Caisleán Bhaile Átha Troim, Co. na Mí
   - Teach an Chogaidh 1848, Co. Thiobraid Árann.
   - Mainistir Sheiriopúin, Co. Chill Chainnigh.
   - Loch Craobh, Co. na Mí.
   - Túr Raghnaill, Port Láirge.
   - Mainistir Thinteirn, Co. Loch Garman.

   Déantar na gnáthfhoirmeacha iarratais i gcomhair poist do Threoraithe / d'Oifigigh Faisnéise ag na láithreacha éagsúla a ndéanann Oifig na nOibreacha Poiblí cothabháil orthu timpeall na tíre, a tháirgeadh go dátheangach gach bliain.

4. Tá foilseachán ginearálta na Seirbhíse Oidhreachta "***Láithreacha Oidhreachta na hÉireann***" a chuireann liosta iomlán de na láithreacha uile ar fud na tíre a mbíonn seirbhís treorach le fáil iontu agus atá faoi stiúir Oifig na nOibreacha Poiblí, dá sonraí teagmhála agus de na saoráidí atá ar fáil iontu, ar fáil i nGaeilge chomh maith faoi chlúdach ar leith.

5. Tá príomhfhoilseacháin treorach d'Áras an Uachtaráin agus do Chaisleán Bhaile Átha Cliath araon (a ndéanann Aonad Bainistíochta Saoráidí Oifig na nOibreacha Poiblí bainistíocht orthu astu féin) ar fáil faoi chlúdach ar leith i nGaeilge.

6. Cuireann an tSeirbhís Oidhreachta seirbhísí duine ar dhuine ar fáil i nGaeilge ag láithreacha áirithe i gceantair Ghaeltachta:
   - Dún Aonghasa, Inis Mór, Oileáin Árann, Contae na Gaillimhe;
   - Ionad an Bhlascaoid, Dún Chaoin, Contae Chiarraí;
   - Teach an Phiarsaigh, Ros Muc, Contae na Gaillimhe.

Is i nGaeilge go príomha a chuirtear na seirbhísí, lena n-áirítear an tSeirbhís Treorach, ar fáil ag na láithreacha seo agus bíonn an fhoireann líofa go hiomlán sa teanga agus ábalta freastal ar aon riachtanais Ghaeilge a bhíonn ann. Is í an Ghaeilge an teanga oibre laethúil sna réimsí feidhme sin. Níl aon ionad eile Gaeltachta, seachas na cinn a luaitear thuas, faoi bhainistíocht Oifig na nOibreacha Poiblí faoi láthair.

7. Tá seirbhís treorach ar fáil i nGaeilge (.i. treoraí a labhraíonn Gaeilge) chomh maith ag láithreacha áirithe i mBaile Átha Cliath atá faoi bhainistíocht Aonad Bainistíochta Saoráidí Oifig na nOibreacha Poiblí. Is iad sin:
   - Caisleán Bhaile Átha Cliath;
   - Áras an Uachtaráin;
   - Farmleigh.

8. Ó thaobh na suíomh gréasáin a bheith ar fáil go dátheangach faoi láthair, tá príomhshuíomh gréasáin na Seirbhísí Oidhreachta www.heritage.ie ar fáil go hiomlán sa dá theanga. Tá an suíomh gréasáin www.flooding.ie sa dá theanga chomh maith seachas roinnt doiciméad gur ábhar teicniúil atá iontu agus a bhaineann le doiciméadú seachtrach eile agus foinsí tagartha páirtithe eile, foinsí a thagann aníos sa chuardach.

Doiciméid/seirbhísí nach bhfuil ar fáil i nGaeilge

Seachas an t-ábhar a dtugtar breac-chuntas air thuas, níl formhór dhoiciméid Oifig na nOibreacha Poiblí ar fáil go dátheangach faoi láthair. Is léiriú é sin go bhfuil formhór obair Oifig na nOibreacha Poiblí – cé go bhféadfadh sé go mbeadh teagmháil aici le daoine aonair sa phobal – dírithe go príomha ar sheirbhísí díreacha a sholáthar d'eagraíochtaí oifigiúla eile. Eisceacht is ea í an tSeirbhís Oidhreachta, a bhfuil caidreamh díreach aici le custaiméirí ón bpobal i gcoitinne mar go bhfuil sí freagrach as oibríocht na láithreacha oidhreachta agus as iad a chur i láthair, agus is eisceacht chomh maith é an tAonad Bainistíochta Saoráidí, a bhfuil freagracht mar í air i ndáil le láithreacha áirithe cosúil le Farmleigh, Teach Bhaile an Chaisleáin, Áras an Uachtaráin agus Caisleán Bhaile Átha Cliath. Tugtar aghaidh go sonrach ar an seasamh a ghlactar maidir leis na réimsí Oidhreachta seo i gcomhthéacs Scéim Teanga Oifig na nOibreacha Poiblí (féach Caibidil 5).

Leanfar ag cur go leor de dhoiciméid ghinearálta ar fáil i mBéarla amháin. Doiciméid is ea iad seo a chuireann Oifig na nOibreacha Poiblí i dtoll a chéile, nach mbeadh spéis shonrach ag an bpobal i gcoitinne iontu agus a bhaineann den chuid is mó le cúrsaí inmheánacha. Áirítear leis sin doiciméid lena mbaineann gné shainábhartha nó theicniúil a bheadh curtha i dtoll a chéile ag Oifig na nOibreacha Poiblí agus nach mbeadh i gceist iad a eisiúint ar an bpobal i gcoitinne, lena n-áirítear doiciméid a bhaineann le cuireadh tairisceana, sonraíochtaí mionsonraithe, líníochtaí agus doiciméid chonartha, doiciméid dhlíthiúla lena n-áirítear léasanna agus conarthaí díolacháin agus imlitreacha éagsúla agus treoir inmheánach agus lámhleabhair ISO.

Caibidil 4
Breisiú Seirbhísí atá le cur ar fáil sa dá theanga

Réamhrá

D'ainneoin nach mbíonn caidreamh díreach forleathan ag Oifig na nOibreacha Poiblí le custaiméirí as an bpobal i gcoitinne, bíonn teagmháil aici sách minic leis an bpobal trí na hoibríochtaí a bhíonn ar bun aici ar fud an Stáit agus ní mór a freagra ar Acht na dTeangacha Oifigiúla a bhreithniú sa chomhthéacs sin.

Beidh sé riachtanach i dtosach báire cíoradh a dhéanamh ar an seasamh reatha in Oifig na nOibreacha Poiblí maidir leo seo a leanas chun aghaidh a thabhairt i ndáiríre ar an ngá atá ann tiomantais a leagan amach:

- Próifíl reatha Oifig na nOibreacha Poiblí, lena n-áirítear mionsonraí faoin líon foirne, a n-ionaid oibre agus an leibhéal scileanna teanga atá acu san am i láthair;
- Na dúshláin a bhainfeadh le seirbhís níos iomláine a chur ar fáil go rathúil sa dá theanga;
- An seasamh reatha maidir le hoiliúint i scileanna teanga a chur ar dhaoine.

Próifíl reatha Oifig na nOibreacha Poiblí

Is é seo a leanas an comhdhéanamh atá ar an lucht oibre in Oifig na nOibreacha Poiblí faoi láthair[1]:

Seirbhísí Maoine	Seirbhísí Bainistíochta Tionscadal	Seirbhís Ailtireachta	Seirbhísí Innealtóireachta	Seirbhísí Corparáideacha
1675	70	93	496	216
Iomlán :2550[2]				

Is é 51 Faiche Stiabhna, Baile Átha Cliath 2 ceanncheathrú Oifig na nOibreacha Poiblí faoi láthair ach beifear á athlonnú chuig Baile Átha Troim, Co. na Mí faoin gClár don Dílárú. Bunófar Oifigí Réigiúnacha chomh maith i gClár Chlainne Mhuiris, Co. Mhaigh Eo agus i gCeann Toirc, Co. Chorcaí faoin gClár.

Tá liosta iomlán de na hionaid as a bhfeidhmíonn Oifig na nOibreacha Poiblí faoi láthair le fáil in Aguisín 3.

Chun leibhéal saineolais Ghaeilge na foirne a fháil amach chuathas i mbun suirbhé ar an bhfoireann (Iúil 2006) agus fiafraíodh na nithe seo a leanas díobh:

- Cén cumas scríbhneoireachta, léitheoireachta agus labhartha a bhí acu i nGaeilge;
- An raibh siad féin sásta go gcuirfeadh an t-eolas agus na scileanna a bhí acu san am i láthair ar a gcumas feidhmiú trí mheán na Gaeilge
- Cé chomh sásta is a bhí siad go gcuirfí oiliúint orthu i nGaeilge.

Tá torthaí an tsuirbhé seo in Aguisín 4.

Na dúshláin a bhaineann le seirbhísí a chur ar fáil sa dá theanga

Tá sé mar cheanglas anois faoin dlí ar Oifig na nOibreacha Poiblí, mar aon le heagraíochtaí seirbhíse poiblí eile, dul chun cinn a dhéanamh san obair a dhéanann sí chun an leibhéal seirbhísí a chuireann sí ar fáil sa dá theanga a mhéadú. Teastóidh uainn cur leis na

[1] Mar atá 1 Meitheamh 2006
[2] Foireann bhunaithe: 726.83

leibhéil reatha eolais agus inniúlachta i ndáil leis na scileanna Gaeilge atá ar fáil faoi láthair san Oifig d'fhonn an oibleagáid dhlíthiúil seo a chomhlíonadh. Dá bhrí sin ní mór dúinn na dúshláin a bhainfidh le seirbhísí a chur ar fáil go héifeachtach sa dá theanga a mheas. Ag an bpointe seo measaimid go bhfuil na dúshláin seo a leanas amach romhainn:

- **An leibhéal saineolais atá ar fáil**
  Léirigh na torthaí a tháinig as an suirbhé ar an bhfoireann, a bhain le líon iomlán fhoireann Oifig na nOibreacha Poiblí, nach bhfuil lear mór acmhainní ó thaobh líon na foirne oilte de, ar fáil faoi láthair chun tacú le seirbhísí sa dá theanga a chur ar fáil. Éilíonn isteach is amach le 3% de na gráid foirne bunaithe go bhfuil leibhéal inniúlachta acu a chuirfeadh ar a gcumas feidhmiú ag an leibhéal is ísle fiú i gcomhshaol oibre dátheangach agus tá sin bunaithe ar na freagraí a fuarthas. D'ainneoin gur féidir go réasúnach buille faoi thuairim a thabhairt gur theip ar líon áirithe den fhoireann freagra a thabhairt ar an suirbhé, léiríonn sé sin go soiléir gur leibhéal teoranta é an leibhéal inniúlachta atá in Oifig na nOibreacha Poiblí ó thaobh a bheith i mbun gnó go dátheangach.

  Ní mór don Oifig, dá bhrí sin, tiomantas a thabhairt bainistíocht a dhéanamh ar na gnéithe éagsúla cosúil le hoiliúint agus le hearcú chun a chinntiú go n-ardófar an leibhéal saineolais.

- **Athruithe i bpróifíl na foirne**
  Tá sé leagtha amach faoi Chlár Díláraithe an Rialtais go mbeidh Oifig na nOibreacha Poiblí ag bogadh go Baile Átha Troim, Co. na Mí, Clár Chlainne Mhuiris, Co. Mhaigh Eo agus Ceann Toirc, Co. Chorcaí sna 2-3 bliana seo romhainn.

  Taispeánann an Lárshaoráid Iarratas, a leagan amach sceideal chun na hiarratasóirí uile a athlonnú chuig na hionaid díláraithe go bhfuil sé i gceist ag isteach is amach le 25 - 30% d'fhoireann reatha Oifig na nOibreacha Poiblí bogadh chuig na hionaid nua – ciallaíonn sin go mbeifí ag súil le hathrúchán foirne de suas le 70% chun na spriocanna atá leagtha amach ag an Rialtas a chomhlíonadh. Níl aon fhaisnéis againn faoi líofacht teanga na n-iontrálacha nua seo. Dúshlán suntasach a bheidh ann dúinn pleananna a chur le chéile chun na seirbhísí a chur ar fáil sa dá theanga gan eolas faoi chohórt foirne na todhchaí a bheith againn.

  Tabharfaidh an Oifig aghaidh ar an tsaincheist maidir leis na scileanna teanga a bheidh ar fáil di tar éis an díláraithe a thomhas go leanúnach agus, i gcomhthéacs na Scéime tionscnaimh seo, measúnú a dhéanamh ar leibhéal scileanna bhaill nua na foirne, a mbeifear ag glacadh leo, de réir mar a thosóidh siad ag obair d'Oifig na nOibreacha Poiblí.

- **Téarmaíocht theicniúil in Oifig na nOibreacha Poiblí**
  Feidhmíonn Oifig na nOibreacha Poiblí, seachas na freagrachtaí atá

uirthi maidir le hoidhreacht, den chuid is mó sna réimsí a bhaineann le maoine agus le foirgníocht agus sna réimsí gaolmhara a bhaineann le hAiltireacht agus le hInnealtóireacht. Bíonn na réimsí ag brath go mór ar théarmaíocht theicniúil a bhíonn in úsáid go coitianta in ábhair a bhaineann le foirgníocht agus dearadh, caomhnú oidhreachta, saincheisteanna dlí, pleanáil agus tráchtáil agus araile.

Beidh sé tábhachtach oiliúint cheart a fháil le haghaidh na foirne chun cur ar a cumas dul i dtaithí ar na téarmaí sin. Cinnteoimid go mbeidh aon oiliúint a chuirfear ar an bhfoireann ábhartha do riachtanais Oifig na nOibreacha Poiblí agus áirítear orthu sin tagairt shonrach do na gnéithe teicniúla ar leith seo. Cinnteoimid chomh maith go mbeidh cabhair bhunúsach aistriúcháin ar fáil don fhoireann agus iad ag déileáil le gnéithe teicniúla d'obair Oifig na nOibreacha Poiblí.

- **Tacaíocht don Fhoireann**
  Is léir go bhfuil meon dea-mhéine i leith na Gaeilge sa tsochaí faoi láthair. Is léir chomh maith fiú ón leibhéal teoranta freagraí a fuarthas ar shuirbhé Oifig na nOibreacha Poiblí ar an bhfoireann go bhfuil tacaíocht láidir don tionscnamh agus fiuchadh foinn faoin tionscnamh a bhaineann le soláthar seirbhíse sa dá theanga in Oifig na nOibreacha Poiblí a fheabhsú agus le hoiliúint a chur ar dhaoine chun a scileanna teanga a fheabhsú. Caithfear teacht i dtír ar an dea-mhéin seo chun a chinntiú go mbeidh rath ar aon Scéim Teanga agus is é ár ndúshlán sin a dhéanamh.

Oiliúint i nGaeilge – an seasamh mar atá

Tá raon leathan tacaí ar fáil chun freastal a dhéanamh ar aon éileamh ar oiliúint mhéadaitheach don fhoireann. Áirítear orthu sin iarracht na Státseirbhíse trí lámha Ghaeleagrais tacaíocht a thabhairt do dhaoine a bhfuil leibhéil éagsúla inniúlachta acu i nGaeilge, cúrsaí éagsúla Dioplóma agus Céime a thairgeann institiúidí tríú leibhéal agus an t-oideachas Gaeilge a sholáthraíonn an pobal gairmiúil oiliúna ar bhonn tráchtála. Tá scéim aisíoctha oiliúna i bhfeidhm ag Oifig na nOibreacha Poiblí a chuireann ar chumas na foirne páirt a ghlacadh i dtionscnaimh éagsúla oiliúna ar bheagán costais nó ar chostas ar bith. Sin mar atá an scéim faoi láthair agus sin mar a bheidh chomh fada is is léir dúinn. Áirítear an oiliúint ardchaighdeáin Ghaeilge a bhíonn ar fáil go coitianta leis an scéim seo. Níl aon bhall den fhoireann in Oifig na nOibreacha Poiblí faoi láthair, áfach, ag baint úsáide as na tionscnaimh seo chun oiliúint a chur orthu féin i nGaeilge.

Léiríonn an buiséad a bhaineann le hoiliúint go mbeidh maoiniú dóthanach ar fáil i ngach ceann de na blianta a chlúdaítear faoin Scéim seo chun freastal a dhéanamh ar riachtanais oiliúna Gaeilge ar bith a thiocfaidh chun cinn.

Caibidil 5
Tiomantais Oifig na nOibreacha Poiblí faoin Scéim seo

Tiomantais Oifig na nOibreacha Poiblí faoin Scéim seo

Beidh Oifig na nOibreacha Poiblí tar éis a bheith i mbun na nithe seo a leanas faoi dheireadh na scéime seo sa bhliain 2010:

1. **Leagfaimid struchtúir inmheánacha amach chun déileáil le hoibleagáidí Oifig na nOibreacha Poiblí faoin Acht:**

2. **Cuirfimid socruithe i bhfeidhm chun measúnú a dhéanamh i measc ár gcustaiméirí ar an éileamh a bheidh ag custaiméirí ar sheirbhísí sa dá theanga chun cur ar ár gcumas na riachtanais a chur in ord tosaíochta;**

3. **Cuirfimid socruithe i bhfeidhm chun líon méadaitheach seirbhísí sa dá theanga a sholáthar i bpríomhréimsí bunaidh áirithe oibre;**

4. **Soláthróimid rochtain bhreise ar acmhainní teanga agus aistriúcháin don fhoireann;**

5. **De réir a chéile cuirfimid leis an ábhar Gaeilge ar shuíomh gréasáin Oifig na nOibreacha Poiblí;**

6. **De réir a chéile cuirfimid leis an líon foilseachán Gaeilge atá i réimse na Seirbhísí Oidhreachta;**

7. **Leagfaimid amach an straitéis oiliúna atá againn le bonn a chur faoi sholáthar líon méadaitheach de sheirbhísí sa dá theanga sa dara scéim agus i scéimeanna ina diaidh sin a bheidh ag Oifig na nOibreacha Poiblí.**

Struchtúir Inmhéanacha

1. **Leagfaimid struchtúir inmheánacha amach chun déileáil le hoibleagáidí Oifig na nOibreacha Poiblí faoin Acht:**

Leagfaimid struchtúir inmheánacha amach chun déileáil leis na ceanglais nua seo ar mhaithe leis an bhforfheidhmiú a stiúradh agus monatóireacht éifeachtach a dhéanamh air. Mar a luadh níos túisce, ba é an Líonra inmheánach Seirbhíse Ardchaighdeáin do Chustaiméirí, Grúpa Oibre den Chomhpháirtíocht a bhí i mbun stiúrtha agus an Scéim seo á hullmhú. Tá ionadaithe ó na hAonaid Ghnó go léir atá san oifig ar bhallraíocht an Líonra seo.

Cuirfear le sainchúram an Ghrúpa seo anois chun go mbeidh sé freagrach as forfheidhmiú agus as monatóireacht a dhéanamh ar Scéim Teanga Oifig na nOibreacha Poiblí taobh istigh dá Aonaid Ghnó éagsúla. Beidh an grúpa seo freagrach as monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíocht i ndáil le seirbhísí a chur ar fáil i nGaeilge san Oifig, as a chinntiú go gcomhlíonfar téarmaí Acht na dTeangacha Oifigiúla agus Scéim Teanga Oifig na nOibreacha Poiblí 2007 - 2010 araon agus as tuairiscí a chur faoi bhráid na Bainistíochta i ndáil leis na nithe seo go léir.

Measúnú ar an éileamh leanúnach ar sheirbhísí sa dá theanga

2. Cuirfimid socruithe i bhfeidhm chun measúnú a dhéanamh i measc ár gcustaiméirí ar an éileamh a bheidh ag custaiméirí ar sheirbhísí sa dá theanga chun cur ar ár gcumas na riachtanais a chur in ord tosaíochta;

Mar chuid dá tiomantais faoin bPlean Gníomhaíochta Seirbhísí Custaiméirí (2005 - 2008), ghlac Oifig na nOibreacha Poiblí uirthi féin aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist a bhaineann le suirbhéanna rialta a dhéanamh ar a bonn custaiméirí chun aiseolas a fháil uathu maidir leis na seirbhísí a chuireann sí ar fáil. Is í Oifig Caidrimh Phoiblí Oifig na nOibreacha Poiblí a chomhordaíonn an obair seo agus déanann an Líonra Seirbhíse Ardchaighdeáin do Chustaiméirí maoirseacht uirthi. Cuireann an Coiste Comhpháirtíochta na torthaí faoi bhráid Choiste Comhairleach Bainistíochta Oifig na nOibreacha Poiblí.

Rinneadh an chéad suirbhé a rinneadh ar Oifig na nOibreacha Poiblí ina hiomláine agus a d'ullmhaigh an Líonra Seirbhíse Ardchaighdeáin do Chustaiméirí i ndeireadh na bliana 2004 / i dtús na bliana 2005 agus foilsíodh é i dTuarascáil Bhliantúil 2005 Oifig na nOibreacha Poiblí. Bhí rannóg sa suirbhé a bhain le chomh hoiriúnach is atá formáid sholáthar seirbhísí Oifig na nOibreacha Poiblí, lena n-áirítear éagsúlacht teanga.

Seachas sin, déanann na Seirbhísí Oidhreachta raon suirbhéanna go rialta ar rogha leathan de na láithreacha atá á bhfeidhmiú acu ar fud na tíre.

Gníomhaíocht fhorleathan ab ea an ghníomhaíocht shuirbhéireachta go léir a rinneadh go dáta nó a bhfuil sé ceaptha í a dhéanamh sa todhchaí agus is í an aidhm atá léi a fháil amach, a bheag nó a mhór, an bhfuil nó nach bhfuil Oifig na nOibreacha Poiblí ag comhlíonadh a misin maidir leis na seirbhísí a chuireann sí ar fáil dá custaiméirí agus chun cuidiú a thabhairt chun straitéisí a chur le chéile chun soláthar seirbhísí do chustaiméirí a fheabhsú. As seo amach cuirfidh Oifig na nOibreacha Poiblí rannóg leis an suirbhé chun measúnú a dhéanamh go sonrach ar an éileamh a bheidh ar sheirbhísí sa dá theanga. Beidh sé i gceist leis an suirbhé na Custaiméirí sin nó na grúpaí Custaiméirí sin ar mian leo go bpléifí leo trí mheán na Gaeilge a aithint, méid an éilimh sin a thomhas, monatóireacht a dhéanamh ar athrú ar bith a thiocfadh air agus tuairiscí de réir mar is cuí a chur faoi bhráid Choiste Comhairleach Bainistíochta Oifig na nOibreacha Poiblí.

Cur leis na seirbhísí a bheidh le fáil sa dá theanga i réimsí roghnaithe

3. Cuirfimid socruithe i bhfeidhm chun líon méadaitheach seirbhísí sa dá theanga a sholáthar i bpríomhréimsí bunaidh áirithe oibre;

Faoi dheireadh na scéime, feidhmeoimid chun:

An tAonad Caidrimh Phoiblí
- 10% ar a laghad de na Preaseisiúintí go léir a fhoilsítear in aghaidh na bliana a chur ar fáil sa dá theanga;

- Duine amháin, ar a laghad, den fhoireann a mbeadh ar a chumas nó ar a cumas déileáil le fiosrúcháin i nGaeilge, a bheith ar fáil san Aonad Caidrimh Phoiblí.

Teagmháil Phearsanta duine le duine
- Na baill foirne sin a bheidh sásta déileáil i nGaeilge leis na daoine sin a chuireann glaoch ar an oifig a aithint ar bhunachair shonraí inmheánacha teileafóin agus ar chairteacha san eagraíocht;

- Treoir a chur ar fáil do bhaill aonair foirne ar mian leo fógraí glórphost teileafóin a thaifeadadh sa dá theanga ar a dteileafóin phearsanta;

- Oiliúint a chur ar fhoireann an lasc-chláir theileafóin chun beannachtaí bunúsacha a thabhairt amach i nGaeilge. Cinnteoidh Oifig na nOibreacha Poiblí faoi dheireadh na scéime go mbeidh gnáthchleachtas Seirbhíse Ardchaighdeáin do Chustaiméirí i bhfeidhm sna réimsí a bhaineann le fáilteoirí/le hoibreoirí an lasc-chláir theileafóin, lena n-áirítear:
  - Go mbeadh an fhoireann fáiltithe/ foireann an lasc-chláir ábalta ainm na hOifige a thabhairt i nGaeilge.
  - Go mbeadh taithí acu ar a laghad ar na beannachtaí bunúsacha a úsáidtear i nGaeilge.
  - Go mbeadh socruithe ábhartha i bhfeidhm ionas go mbeifí ábalta baill an phobail a chur i dteagmháil leis na hoifigigh a bheadh freagrach as seirbhísí a chur ar fáil i nGaeilge, dá mba rud é go mbeadh na hoifigigh ar fáil.

Acmhainní teanga agus aistriúcháin

4. Cuirfimid rochtain bhreise ar acmhainní teanga agus aistriúcháin ar fáil don fhoireann

Tá sé aitheanta againn go bhfuil gá ann i measc baill foirne teacht a bheith acu ar scileanna Gaeilge chun cuidiú leo oibleagáidí Oifig na nOibreacha Poiblí faoin Acht a chomhlíonadh. Áirítear leis sin ach go háirithe cé mar a d'aistreofaí téarmaíocht theicniúil i gceart agus cé mar a thiocfaí ar sheirbhísí aistriúcháin atá dea-bhunaithe agus a bhfuil a gcaighdeán deimhnithe.

Faoi dheireadh na scéime, feidhmeoimid chun:

- Acmhainn roinnte a bheidh le húsáid ag baill foirne a mbeadh cuidiú praiticiúil ag teastáil uathu ó thaobh seirbhís aistriúcháin agus aistriúcháin chomhuainigh, a bhunú trí fhoinsí ón taobh amuigh a fháil. Áireofar iad seo a leanas ar an acmhainn sin:

- Teacht a bheith ar sheirbhísí aistriúcháin i gcomhair ábhar téacsanna de réir mar a éilítear iad;

- Gluais de na téarmaí minicíochta a úsáidtear go coitianta sna réimse ina bhfeidhmíonn Oifig na nOibreacha Poiblí, a chur i dtoll a chéile (.i. téarmaí foirgníochta, ailtireachta, innealtóireachta, maoine, soláthair agus araile)

Suíomh Gréasaín

5. Cuirfimid, de réir a chéile, leis an ábhar i nGaeilge ar shuíomh gréasáin Oifig na nOibreacha Poiblí;
Faoi dheireadh na scéime, feidhmeoimid chun:

- A chinntiú go mbeidh 100% den ábhar a bhíonn seasta ar Shuíomh Gréasáin Oifig na nOibreacha Poiblí (www.opw.ie) ar fáil go dátheangach;

- Cur, de réir a chéile, leis an ábhar Gaeilge a bhíonn ar phríomh Shuíomh Gréasáin Oifig na nOibreacha Poiblí (www.opw.ie) ionas go mbeadh 10% den iomlán, ar an meán, sa teanga (níl ábhar seasta san áireamh leis seo);

- A chinntiú go mbeidh na príomhbhileoga de réimsí nua ar bith a chuirfear leis an suíomh gréasáin ar fáil go dátheangach;

- A chinntiú go mbeidh aon ábhar idirghníomhach[3] ar fáil go hiomlán sa dá theanga[4];

- A chinntiú go mbeidh aon chóras ríomhaireachta nua ábalta déileáil leis an nGaeilge agus go gcuirfear na córais atá i bhfeidhm cheana féin in oiriúint sa chéad chothabháil nó uasghrádú eile atá beartaithe.

Foilseacháin i réimse na Seirbhísí Oidhreachta

6. Cuirfimid, de réir a chéile, leis an líon foilseachán Gaeilge atá ar fáil i réimse na Seirbhísí Oidhreachta;

Faoi láthair, mar a luadh thuas tugann Oifig na nOibreacha Poiblí amach líon áirithe treoirleabhar i nGaeilge i gcomhair láithreacha Oidhreachta. Tá sé ar intinn againn a thuilleadh ábhar a fhoilsiú i nGaeilge mar chuid den sprioc atá ann an méid ábhair atá ar fáil sa réimse seo i nGaeilge a mhéadú.

Faoi dheireadh na scéime, feidhmeoimid chun:

[3] Sainmhínítear ábhar idirghníomhach mar ábhar a bhí deartha chun go mbeadh teacht ag úsáideoir aonair air ar bhonn saincheaptha pearsanta. (Ní áirítear idirghníomhaíochtaí géineasacha a bhíonn ar fáil do lucht úsáidte ócáideach cosúil le cuardach nó fiosrúcháin eile bunachar sonraí leis seo). Níl seirbhísí idirghníomhacha ar bith a thagann leis an sainmhíniú sin in Oifig na nOibreacha Poiblí faoi láthair.

[4] D'fhéadfadh nach mbeadh an t-ábhar ag leibhéil níos ísle ar fáil go dátheangach i ngach cás: doiciméid, ach go háirithe den chineál sainábhartha nó teicniúil nó doiciméid sheachtracha tagartha a d'eascair as cuardach.

- Ardú 50% ar a laghad a bheith ar líon bróisiúr na láithreacha a chuirfear ar fáil faoi chlúdach ar leith i nGaeilge i gcomhair láithreacha a fheidhmíonn an tSeirbhís Oidhreachta.

Bearta oiliúna chun inniúlacht i nGaeilge a neartú

7. Leagfaimid amach an straitéis oiliúna atá againn le bonn a chur faoi sholáthar líon méadaitheach de sheirbhísí sa dá theanga sa dara scéim agus i scéimeanna ina diaidh sin a bheidh ag Oifig na nOibreacha Poiblí.
Is léir, ó tharla an leibhéil inniúlachta sa Ghaeilge mar a taispeánadh sa suirbhé a rinneadh ar an bhfoireann, gur gá iarracht shuntasach a bheith ar siúl in imeacht blianta chun an leibhéal Gaeilge san oifig a fheabhsú. An phríomh-mheicníocht atá againn chun an leibhéal agus an caighdeán inniúlachta i nGaeilge in Oifig na nOibreacha Poiblí a fheabhsú chun go mbeidh cumas níos fearr san oifig níos mó dá cuid oibre a dhéanamh go dátheangach, is ea oiliúint a chur ar fhoireann Oifig na nOibreacha Poiblí agus í a fhorbairt. Glacfar na céimeanna seo a leanas le linn thréimhse na scéime chun leibhéal Gaeilge fhoireann Oifig na nOibreacha Poiblí a bhreisiú.

Faoi dheireadh na scéime, feidhmeoimid chun:

- A thuilleadh daoine deonacha a lorg a bheadh sásta dul faoi oiliúint chun seirbhísí trí mheán na Gaeilge a chur ar fáil san oifig go léir chun cuidiú le seirbhís Ghaeilge leathnaithe a sholáthar; Comhaontófar leis an bhfoireann seo go n-aithneofar iad ar bhealach cuí ar na bunachair shonraí teileafóin agus ar chairteacha san eagraíocht (féach thuas);
- Na daoine siúd a chuirfidh líofacht in iúl a aithint ar bhunachair shonraí teileafóin agus ar chairteacha san eagraíocht (féach thuas);
- Cuidiú leis an bhfoireann a bheidh ag freastal ar raon ranganna Gaeilge go háirithe ranganna a bhíonn á reáchtáil ag Gaeleagras;
- Cuidiú leis an bhfoireann a bheidh ag freastal ar ranganna Gaeilge le linn uaireanta oifige;
- Comhairle a chur ar an bhfoireann i ndáil leis an raon ranganna Gaeilge d'ardchaighdeán atá ar fáil taobh amuigh d'uaireanta oifige (mar shampla Dioplóma tríú leibhéal i nGaeilge; Sult, Gael-Linn agus araile) agus tacaíocht airgeadais a chur ar fáil do bhaill foirne a cháileodh do ranganna den sórt sin faoi théarmaí na Scéime Aisíoctha Táillí;
- Seirbhís oiliúna a chur ar fáil d'fháilteoirí/oibreoirí lasc-chláir, mar gur iad an chéad phointe teagmhála a bhíonn ag an bpobal leis an Oifig chun cur ar a gcumas ainm na hOifige a thabhairt i nGaeilge agus i mBéarla agus chun cur ar a gcumas taithí a bheith acu ar na beannachtaí bunúsacha a úsáidtear i nGaeilge.

Caibidil 6
Monatóireacht agus Athbhreithniú

Monatóireacht
Is é an Líonra Seirbhíse Ardchaighdeáin do Chustaiméirí go príomha, i gcomhar leis na bainisteoirí líne i ngach Aonad Gnó, a bheidh i mbun na feidhme laethúla monatóireachta a bhainfidh le Scéim Teanga Oifig na nOibreacha Poiblí.

- Beidh monatóireacht á déanamh ar spriocanna sonraithe a bheith á mbaint amach;
- Coinneofar cuntas ar na litreacha, glaonna fóin, iarrataí a gheofar i nGaeilge chun cur ar chumas na hOifige monatóireacht a dhéanamh ar an éileamh;
- Coinneofar taifead den scála caiteachais a bhainfidh le litreacha comhfhreagrais, Preaseisiúintí, Suíomh Gréasáin agus araile a aistriú;
- Coinneofar taifead den scála caiteachais a bhainfidh le hoiliúint Ghaeilge a chur ar fáil;
- Coinneofar taifead den scála caiteachais a bhainfidh le fógraíocht a dhéanamh sa dá theanga;

Cuirfidh an Coiste Comhpháirtíochta tuairiscí ar an monatóireacht a dhéanfaidh an Líonra Seirbhíse Ardchaighdeáin do Chustaiméirí faoi bhráid an Choiste Chomhairligh Bainistíochta ar a laghad uair in aghaidh na bliana.

Athbhreithniú
Déanfaidh Coiste Comhairleach Bainistíochta Oifig na nOibreacha Poiblí athbhreithniú ar fheidhmiú éifeachtach na scéime. Tiocfaidh an t-eolas a bheidh uathu maidir le hanailís a dhéanamh ar na hathruithe a d'fhéadfadh a bheith riachtanach leath bealaigh tríd an Scéim ó thuarascálacha bliantúla a sholáthróidh an Líonra Seirbhíse Ardchaighdeáin do Chustaiméirí.

Caibidil 7
An Scéim Chomhaontaithe a Fhoilsiú

Cuirfear ábhar na scéime seo chomh maith le tiomantais agus le forálacha na scéime i láthair an phobail i gcoitinne ar na bealaí seo a leanas:-

- Preaseisiúint maidir le seoladh na scéime;
- Dáilfear í ar ghníomhaireachtaí agus ar chomhlachtaí poiblí cuí;
- Suíomh Gréasáin.

Seolfar cóip den scéim seo ar aghaidh chomh maith chuig Oifig an Choimisinéara Teanga

Aguisín 1
Daoine Aonair agus Eagraíochtaí a chur aighneachtaí faoi bhráid Oifig na nOibreacha Poiblí maidir leis an DréachtScéim Teanga faoi Alt 11 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003

Aighleann O Shaughnessy.
Seirbhísí Ailtireachta Oifig na nOibreacha Poiblí, Baile Átha Cliath.

Áine Ní Chonghaile
Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge, Baile Átha Cliath.

Annette Schiller
Cumann Aistritheoirí agus Teangairí na hÉireann (ITIA), Baile Átha Cliath

Colm Ryder
Seirbhísí Innealtóireachta, Oifig na nOibreacha Poiblí, Baile Átha Cliath.

Gearóid Ó Gibne
Droichead Átha, Co. na Mí

Máire Ní Laoire
Iar-Uachtarán, Comhar na Múinteoirí Gaeilge Dúglas, Corcaigh

Martin Connolly
Rannóg Luachála Oifig na nOibreacha Poiblí, Baile Átha Cliath

Mícheál de Mórdha
Seirbhísí Oidhreachta Oifig na nOibreacha Poiblí, Dún Chaoin, Co. Chiarraí

An Dr Pádraig Ó Laighin
Cluain Tarbh, Baile Átha Cliath

Paul Mc Mahon
Seirbhísí Ailtireachta Oifig na nOibreacha Poiblí, Baile Átha Cliath

Aguisín 2
Líonra na Seirbhíse Ardchaighdeáin do Chustaiméirí

Cathaoirleach:
Úna Ní Fhaircheallaigh
An tAonad Beartais, 51, Faiche Stiabhna, Baile Átha Cliath 2

Seirbhísí Bainistíochta Maoine
Jim Berrigan
Seirbhísí Bainistíochta Maoine, 51, Faiche Stiabhna, Baile Átha Cliath 2

Seirbhísí Cothabhála Maoine
Eileen Leahy
Seirbhísí Cothabhála Maoine, 51, Faiche Stiabhna, Baile Átha Cliath 2

Seirbhísí Bainistíochta Tionscadal
Frank Fingleton
Seirbhísí Tacaíochta Bainistíochta Tionscadal, 51, Faiche Stiabhna, Baile Átha Cliath 2

Seirbhísí Ailtireachta
Michael Haugh
An Príomh-Ailtire Cúnta, Seirbhísí Ailtireachta Oifig na nOibreacha Poiblí - Oibreacha Nua 1, 51, Faiche Stiabhna, Baile Átha Cliath 2

Seirbhísí Innealtóireachta
Michael Caden
Seirbhísí Innealtóireachta, 51, Faiche Stiabhna, Baile Átha Cliath 2

Gníomhaireacht Soláthair an Rialtais
Pat Granahan
Leas-Stiúrthóir, Gníomhaireacht Soláthair an Rialtais, 51, Faiche Stiabhna, Baile Átha Cliath 2

An Rannóg Seirbhísí Corparáideacha
Frank Coffey
An tAonad Oiliúna, An Rannóg Seirbhísí Corparáideacha, 51, Faiche Stiabhna, Baile Átha Cliath 2

Aguisín 3
Oifig na nOibreacha Poiblí - Ceanncheathrú agus Ionaid Réigiúnacha

An Cheanncheathrú
Oifig an Aire Stáit,
Oifig an Chathaoirligh,
Seirbhísí Corparáideacha,
Seirbhísí Bainistíochta Maoine,
Seirbhísí Bainistíochta Tionscadal,
Seirbhísí Cothabhála Maoine,
Seirbhísí Ailtireachta,
Seirbhísí Innealtóireachta,

51 Faiche Stiabhna,
Baile Átha Cliath 2.
Teil: (01) 647 6000
Lóghlao: 1890 213 414
Príomhuimhir Facs: (01) 661 0747
Suíomh Gréasáin: www.opw.ie
Ríomhphost: info@opw.ie

Seirbhísí Oidhreachta
6/7 Plás Ely Uachtarach, Baile Átha Cliath 2
Dún Scéine, Lána Fhearchair, Baile Átha Cliath 2

An Rannóg Suirbhéireachta Cainníochta, Cuntasóirí Gairmiúla
4 - 5 Bóthar Fhearchair,
Baile Átha Cliath 2

Draenáil Artaireach - An Rannóg Deartha, An Rannóg Hidreolaíochta & Hidriméadrach,
An Rannóg Innealtóireachta Struchtúr
17-19 Sráid Haiste Íochtarach,
Baile Átha Cliath 2

Seirbhísí Airgeadais
Oifigí Rialtais, Bóthar Hebron, Cill Chainnigh

Gníomhaireacht Soláthair an Rialtais
51 Faiche Stiabhna,
Baile Átha Cliath 2

Oifig Dhíolta Foilseachán Rialtais,
Teach Sun Alliance, Sr. Theach Laighean, Baile Átha Cliath 2

Brainse an Troscáin
Bóthar Bhaile Uí Bheoláin, Rialto,
Baile Átha Cliath 8

An tSeirbhís Chothabhála don Tógáil
Dún Uí Choileáin, Sr. na Binne Boirbe,
Baile Átha Cliath 7

Ionad Comhdhála Chaisleán Bhaile Átha Cliath
Caisleán Bhaile Átha Cliath,
Baile Átha Cliath 2

Farmleigh
Bóthar an Fhaoitigh, Caisleán Cnucha,
Baile Átha Cliath 15

An Phríomhcheardlann Innealtóireachta
Bóthar Bhaile Shéamais, Inse Chór,
Baile Átha Cliath 8

Cothabháil don Draenáil Artaireach
An Baile Nua, Baile Átha Troim, Co. na Mí
Páirc an Aonaigh, Baile Átha Fhirdhia, Co. Lú
Baile Roibín, An Muileann gCearr, Co. na hIarmhí
Ballycraine, Droichead an Chaisleáin, Co. Loch Garman
Droim Biúir, Bóthar na Muinchille, Muineachán
An tSráid Láir, Áth Cinn, Co. na Gaillimhe
Bóthar Bhéal Easa, Béal an Átha, Co. Mhaigh Eo
Bóthar na Croiche, Leifear, Co. Dhún na nGall
Baráiste Chomhla na Coiribe, Teach na Comhla, Gaillimh

Teach Theampall Mhungairit, Mungairit, Luimneach
Droichead na hInse, Lios Tuathail, Co. Chiarraí
Cuan Chonnachta, Port Omna, Co. na Gaillimhe

Seirbhísí Hidreolaíochta & Hidriméadracha
Sráid na Beairice, Áth Luain, Co. na hIarmhí

Bóthar Hebron, Cill Chainnigh

Páirc an Aonaigh, Baile Átha Fhirdhia, Co. Lú

Teach Theampall Mhungairit, Mungairit, Luimneach

Bóthar Bhéal Easa, Béal an Átha, Co. Mhaigh Eo

Oifigí Réigiúnacha Ailtireachta
Teach Steward, Bóthar an Fhaoitigh, Caisleán Cnucha, Baile Átha Cliath 15

Caisleán Bhaile Átha Cliath, Baile Átha Cliath 2

Foirgnimh Rialtais, Bóthar San Alfansas, Dún Dealgan, Co. Lú

2 Sráid an tSéipéil, Sligeach

Oifigí Rialtais, An Bóthar Ard, Leitir Ceanainn

Sráid na Beairice, Áth Luain, Co. na hIarmhí

13 Sráid Chaitríona, Port Láirge

Foirgnimh Rialtais, Port Laoise

Foirgnimh Rialtais, An tInbhear Mór, Co. Chill Mhantáin

Foirgnimh Rialtais, Sr. Áine, Loch Garman

14 Seanbhóthar na Carraige Duibhe, Corcaigh

An Diméin, Cill Airne, Co. Chiarraí

2 Sráid Mhala, Luimneach

Oifigí Rialtais, Durlas, Co. Thiobraid Árann

An Fhaiche Mhór, Gaillimh

Bóthar an Phailliúin, Caisleán an Bharraigh, Co. Mhaigh Eo

Iostaí na Seirbhísí Oidhreachta
Iosta Bhaile Átha an Rí
Bainisteoir na nOibreacha Ceantair, Raithín, Baile Átha an Rí, Co. na Gaillimhe

Iosta Chill Chainnigh
Bainisteoir na nOibreacha Ceantair, Eastát Tionsclaíoch Bhóthar Hebron, Cill Chainnigh

Iosta Chill Airne
Bainisteoir na nOibreacha Ceantair, Caisleán an Rois, Cill Airne, Co. Chiarraí

Iosta Mhala
Bainisteoir na nOibreacha Ceantair, Mala, Co. Chorcaí

Iosta Dhroim Dhá Thiar
Bainisteoir na nOibreacha Ceantair, Droim Dhá Thiar, Co. Liatroma

Iosta Bhaile Átha Troim
Bainisteoir na nOibreacha Ceantair, An Baile Nua, Baile Átha Troim, Co. na Mí

Aguisín 4
Torthaí an tSuirbhé Ghaeilge a rinneadh ar an bhFoireann

Cuireadh na ceisteanna seo a leanas sa suirbhé:				
1. An bhfuil aon scileanna Gaeilge agat?	Níl	Líon beag scileanna / an méid a choinneodh ag imeacht mé	Leibhéal maith scileanna/dóthain le haghaidh na hoibre	Ar Fheabhas / Líofa
2. Déan cur síos ar do scileanna teanga	Is féidir liom an Ghaeilge a léamh, sin an méid	Is féidir liom an Ghaeilge a léamh agus a scríobh	Is féidir liom comhrá simplí a choinneáil i nGaeilge agus is féidir liom téacs éasca, litreacha agus araile a aistriú	Is féidir liom comhráití casta a choinneáil ag imeacht i nGaeilge agus is féidir liom téacs casta teicniúil, a aistriú
3. An mbeifeá sásta dá gcuirfí faoi oiliúint tú chun do leibhéal scileanna a fheabhsú?	**Bheinn**		**Ní bheinn**	

D'fhreagair 21 ball foirne san iomlán an suirbhé				
1. An bhfuil aon scileanna Gaeilge agat?	Níl	Líon beag scileanna / an méid a choinneodh ag imeacht mé	Leibhéal maith scileanna/dóthain le haghaidh na hoibre	Ar Fheabhas / Líofa
	1*	**6**	**8**	**6**
2. Déan cur síos ar do scileanna teanga	Is féidir liom an Ghaeilge a léamh, sin an méid	Is féidir liom an Ghaeilge a léamh agus a scríobh	Is féidir liom comhrá simplí a choinneáil i nGaeilge agus is féidir liom téacs éasca, litreacha agus araile a aistriú	Is féidir liom comhráití casta a choinneáil ag imeacht i nGaeilge agus is féidir liom téacs casta teicniúil, a aistriú
	2	**3**	**12**	**2**
3. An mbeifeá sásta dá gcuirfí faoi oiliúint tú chun do leibhéal scileanna a fheabhsú?	**Bheinn**		**Ní bheinn**	
	21		**0**	

* Ní bhfuarthas aon fhreagra ar Cheist 2